



Gaelscoil Thaobh na Coille
Beallairmín
An Chéim
B.Á.C. 18

Uimhir Rolla 20020R

Tuairisc fhéinmheastóireachta scoile
- *achomair do phobal na scoile*

Tréimhse mheastóireachta : Meán Fómhair 2013 go Meitheamh 2016

Litearthacht - An Ghaeilge

Dáta eisiúna na tuairisce : Meitheamh 2014

Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile Achomair

1. Réamhrá

Tá a comhthéacs féin ag ár scoil. Tá 20 múinteoir agus 408 dalta sa scoil. Tá líon de chlár ag feidhmiú againn sa scoil lena n-áirítear m.sh. tacaíocht foghlama, uaireanta neartaithe, Breithe ar an Léitheoireacht agus imeachtaí sheach-churaclaim ar nós traenáil spóirt CLG / ranganna ceol uirlise / rang ealaíne / rang francíse & rli i ndiaidh scoile. Maidir lenár leibhéal tinrimh, tá siad go han-mhaith. Tá iompraíocht ár ndaltaí ar fheabhas don chuid is mó. Tá spéis ag daltaí agus tuismitheoirí na scoile san oideachas agus sa Ghaeilge agus tá id cíocrach chun foghlama. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi ina bhfuil sé i gceist againn feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí, féach ár bPlean Feabhsúcháin Scoile atá ar fáil ar an suíomh gréasáin na scoile ag www.taobhnacoille.ie. agus 'sna nuachtlitreacha míosúil a eisíonn an scoil.

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneamar féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith na bliana. Rinneamar meastóireacht ar an litearthacht sa Ghaeilge. Roghnaíomar é seo toisc gur mheasamar go bhféadfadh ár scoláirí a dtorthaí foghlama a fheabhsú sa réimse seo

Tugann an tuairisc seo achoimre ar na láidreachtaí a aithníodh agus ar na réimsí a bhfuil tús áite tugtha dóibh d'fheabhsúcháin.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

I rith na bliana seo thart rinne na múinteoirí macnamh doimhin agus inniúchadh ar éifeachtúlacht teagasc agus eispéireas foghlama litearthacht na Gaeilge sa scoil. Rinneamar inniúchadh ar theanga labhartha, cumas léitheoireachta agus obair scríofa na ndaltaí. Is léir ó thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe go bhfuil caighdeán ard á shroichint ag daltaí na scoile i léitheoireacht agus i dtuiscint na Gaeilge. Is léir freisin go bhfuil líofacht teanga ag na daltaí agus go bhfuil sé ar a gcumas iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge. Ach tá laige le feiceáil i gcruinneas na teanga labhartha agus freisin sa teanga scríofa. 'Siad na laigí is mó atá aitheanta againn ná cruinneas na teanga ó thaobh na gramadaí, litriú agus structúr teanga de maraon le heaspa saibhreas teanga sa chaint nádúrtha. Is ar scoil amháin a labhraíonn agus a chloiseann formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil s'againne an Ghaeilge. Cé go bhfuil líofacht teanga ag daltaí na scoile tá an Ghaeilge atá acu 'líofa lofa' mar go ndéanann siad daingniú ar bhotúin Gaeilge, cruinnis & structúr a chéile agus go ndéanann siad structúir agus múnlaí an Bhéarla a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge. Bhailíomar samplaí scríbhneoireachta ó dhaltaí uile na scoile ó Rang a 1 go Rang a 6 i Meán Fómhair 2013. Ní raibh treoir ná múnla tugtha. Rinneadh ainlís ar an bhfianaise agus tháinig cuid mhaith laigí chun solais ó thaobh na gramadaí, litriú agus structúr de. Tá plean feabhsúcháin scoile don Ghaeilge curtha le chéile againn a dhíríonn ar na laigeachtaí seo a fheabhsú.

2.1 Fuaireamar amach go bhfuil láidreachtaí ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

Torthaí Foghlaimeora: Taispeánann na trialacha caighdeánaithe Gaeilge go bhfuil formhór na ndaltaí ag leibhéal na noirm náisiúnta nó ós a cionn.

Éispéiris foghlama na ndaltaí: Is follas go bhfuil dearcadh dearfach ag na daltaí i dtaobh na Gaeilge. Tá líofacht teanga ag na daltaí sa Ghaeilge labhartha agus tá siad in ann iad féin a chur in iúl go hiomlán trí Ghaeilge. Tá an Ghaeilge le cloisteáil go forleathan sa scoil taobh amuigh de am teagaisc.

Cleachtas Múinteoirí: Tá caighdeán ard Gaeilge ag na múinteoirí uilig sa scoil. Tá réimse leathan canúintí sa scoil, a chabhraíonn leis an saibhreas teangan. Tá réimse leathan meáin in úsáid ag na múinteoirí, mar aon le le réimse leathan modheolaíochtaí.

Tá a fhios againn gurb iad seo ár láidreachtaí toisc go bhfuil inniúchadh déanta againn ar thorthaí na scrúdaithe chaighdeánaithe agus go bhfuilimid, mar fhoireann teagaisc taréis macnamh doimhin agus inniúchadh a dhéanamh ar Ghaeilge labhartha na ndaltaí i rith na bliana seo chaite 2013/2014.

2.2 Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na **réimsí forbartha** seo a leanas:

Réimsí forbartha

Structúr na teanga a sholáthar do na daltaí ó bhéal agus i scríbhinn ó rang na Naíonáin go Rang 6

Díriú ar chruinneas na Gaeilge labhartha & scríofa ach go háirithe.

Plean bliana don Ghaeilge a chur le chéile do gach rang ghrúpa - ag díriú ar cheart úsáid na mbriathra, structúr abairte, nathanna cainte agus cruinneas & saibhreas na Gaeilge

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc go dtuimimid nach bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil nó in úsáid ag formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil in aon áit ach amháin sa scoil agus go bhfuil siad ag brath go hiomlán orainne na structúir agus saibhreas na teanga a sholáthar dóibh. Muna mbíonn an Ghaeilge labhartha cruinn agus saibhir ní bheidh sé ar chumas na ndaltaí obair scríofa ar ard-chaighdeán a bhaint amach.

Aguisín ar Thuairisc Fhéimheastóireachta Scoile: seicliosta reachtúil agus rialála – ag tuairisciú do phobal na scoile

Cén réimse de shaol na scoile atá i gceist?	Cad í an reachtaíocht, riail nó imlitir chuí?	An bhfuil riachtanais na reachtaíochta, na rialach nó na himlitreacha cuí á gcomhlíonadh go hiomlán ag an scoil?
Féilire na scoile agus amchlár na scoile	Leagann Imlitir 11/95 síos fad na scoilbhliana - 183 lá ar a laghad Leagann Imlitir 11/95 síos fad an lae scoile 4 uair 40 nóiméad (naíonáin); 5 uair 40 nóiméad (ranganna 1-6)	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Cruinnithe tuismitheora/múinteora agus cruinnithe foirne	Leagann Imlitir 14/04 amach na socruithe do na cruinnithe seo	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Forfheidhmiú an chomhaontaithe maidir le ham breise ar scoil do mhúinteoirí	Cuireann Imlitir 0008/2011 iallach ar mhúinteoirí 36 uair a' chloig breise oibre lasmuigh den rang in aghaidh na bliana, sa chaoi is nach laghdófar am teagaisc	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Caighdeánú na scoilbhliana	Tugann Imlitir 034/2011 ná dátaí do laethanta saoire scoile	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Rollú bailí daltaí	Leagann ailt san Acht Oideachais 1998 agus san Acht Oideachais (Leas) 2000, agus na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta amach na coinníollacha le daltaí a bheith rollaithe go bailí i scoil	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Daltaí ag athdhéanamh bliana	Leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir le daltaí bliain a athdhéanamh sna Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Imlitreacha 11/01 agus 32/03	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Forbairt phlean scoile	Éilíonn Alt 21, Acht Oideachais 1998 ar na scoileanna uile phlean scoile a bheith acu	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Gabháil don phróiseas FMS	Tugann Imlitir 39/2012 cur síos ar phróiseas na féimheastóireachta scoile agus cad a éilíonn sé ar scoileanna	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Am don litearthacht agus don uimhearthacht - gnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht a mheas agus a thuairisciú	Leagann Imlitir 56/2011 amach gníomhaíochtaí tosaigh atá de dhíth i bhfeidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Díolúine ón nGaeilge	Leagann Imlitir 12/96 amach na cúinsí ina bhfuil díolúine ag leanaí ó staidéar na Gaeilge	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Gnásanna um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm	Cuireann Imlitir 0065/2011 agus Treoirlínte um Chosaint Leanaí iallach ar scoileanna a chinntiú: go bhfuil daoine caidrimh ceaptha; go bhfuil na gnásanna curtha in iúl do phobal na scoile uile; agus go bhfuil na gnásanna á leanúint	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
An nós imeachta maidir le gearáin a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cuí	Tá foráil in Alt 28 den Acht Oideachais 1998 do ghnásanna chun plé le gearáin faoi scoil.	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Tá gearáin réitithe nó á réiteach <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Ní Bh. <input checked="" type="checkbox"/>
Achomhairc maidir le diúltú scoláirí a rollú, fionraí agus díbirt (eisiaimh buan)	Tá foráil in Alt 29 den Acht Oideachais 1998 do ghnásanna achomharc sna cásanna seo, a bpléann an scoil leor ar dtús. Nuair nach réitítear cásanna ag leibhéal na scoile, éistean coiste achomharc seachtrach leis an achomharc agus déanann sé cinneadh.	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Déileáladh le hachomhairc nó táthar ag déileáil leo <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Ní Bh. <input checked="" type="checkbox"/>

Polasaí	Foinse	An bhfuil an polasaí faofa ag an mbord bainistíochta?
Polasaí rollaithe	Cuireann Alt 15 (2)(d) den Acht Oideachais 1998 iallach ar scoileanna polasaí rollaithe a bheith acu agus a fhoilsiú a bhfuil meas aige ar phrionsabail an chomhionannais agus ar rogha na dtuismitheoirí	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh	Leagann Alt 23 den Acht Oideachais (Leas) 2000, & Treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais 2008 amach rialacháin agus deachleachtas le leanúint ag scoileanna nuair atá cód iompraíochta & polasaí frithbhulaíochta á gcumadh & á gcur i bhfeidhm acu	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Á athbhreithniú faoi láthair
Straitéis tinrimh agus rannpháirtíochta	Cuireann Alt 22 den Acht Oideachais (Leas) 2000 iallach ar scoileanna straitéis a fhorbairt chun tacú le leibhéil arda de thinreamh agus de rannpháirtíocht daltaí i saol na scoile	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Ráiteas sláinte agus sábháilteachta	Ba chóir go mbeadh ráiteas sláinte agus sábháilteachta ag an scoileanna uile a athbhreithnítear go rialta (féach Alt 20 den Acht Sláinte agus Sábháilteachta 2005)	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Cosaint sonraí	Ba chóir do ghnásanna scoile a bhaineann le sonraí ar dhaltaí a bhailiú, a stóráil agus a chomhroinnt cloí leis an reachtaíocht um chosaint sonraí - An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe) 2003	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Polasaí maidir le húsáid inghlactha idirlín	Ba chóir go mbeadh polasaí ag scoileanna, agus é a chur i bhfeidhm, chun treoir a chur ar dhaltaí maidir le húsáid shábháilte agus fhreagrach an idirlín	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais	Cuireann píosáí éagsúla reachtaíochta comhionannais agus oideachais, ach go háirithe an tAcht um Oideachas do Dhaoine Le Riachtanais Speisialta Oideachais (EPSEN) 2004, iallach ar scoileanna a bheith cuimsitheach de dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais agus soláthar cuí a dhéanamh dóibh ag baint úsáide as na hacmhainní atá ar fáil	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Idirláimhe faoi láthair
Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)	Tá iallach ar scoileanna polasaí OCG a bheith acu agus é a chur i bhfeidhm ag teacht le Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Polasaí maidir le húsáid substaintí	Cuireann an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí agus Treoirlínte na Roinne iallach ar scoileanna polasaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le húsáid substaintí, i gcomhair le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí eile	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Idirláimhe faoi láthair
Polasaí maidir le cosaint leanaí	Leagann Imlitir 0065/2011 amach na riachtanais (féach thuas do shonraí ar pholasaí agus cur i bhfeidhm)	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe	Iarrann Imlitir 24/91 ar scoileanna cumann tuismitheoirí a bhunú, agus cothaíonn sé comhpháirtíocht idir baile agus scoil	<input checked="" type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl
Cúntóirí riachtanais speisialta a imlonnú	Ceadaíonn Imlitir 71/11 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta a imlonnú go solúbtha chun freastal ar riachtanais na scoile	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Idirláimhe faoi láthair
Eile		